



An Eoraip Saor ó Fhionnadh

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar éirigh leo an líon riachtanach ráitis tacaíochta a shroicheadh le go ngníomhódh an Coimisiún Eorpach. Chonacthas reachtaíocht nua mar thoradh ar thionscnaimh áirithe, agus torthaí ciallmhara eile ar thionscnaimh eile. Tógadh líonraí mar gheall ar shaincheisteanna i ngach cás, agus tá feachtas tar éis dul i méid i measc saoránach agus lucht déanta beartais.

Cad é staid reatha na bhfeirmeacha fionnaidh san Aontas?

Tá tuairim is 1 000 feirm ghníomhacha fionnaidh san Aontas a tháirgeann fionnadh mince, sionnaigh agus racúin, agus tuairim is 7.7 milliún ainmhí iontu.

Níl aon reachtaíocht shonrach AE ann a chlúdaíonn leas ainmhithe atá á gcoinneáil do tháirgeadh fionnaidh. Mar sin féin, tá ainmhithe i bhfeirmeacha fionnaidh faoi chlúdach ag rialacha AE a chosnaíonn ainmhithe a choinnítear do chuspóirí feirmeoireachta.

SPRIOC LUCHT EAGRAITHE



Toirmeasc dlí ar fud an Aontais a chur ar:

- ainmhithe a choinneáil agus a mharú inarb é an príomhchuspóir nó an t-aon chuspóir atá leis fionnadh a tháirgeadh.

- fionnadh ó ainmhithe feirmshaothraithe, agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu, a chur ar mhargadh an Aontais.

IAROBAIR



Mar fhreagra ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, geallann an Coimisiún measúnú cúramach a dhéanamh

ar a riachtanaí agus a indéanta a bheadh sé toirmeasc a chur le feirmeoireacht fionnaidh agus le margú an fhionnaidh san Aontas. Ar bhonn na comhairle eolaíche ó EFSA [An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia], atá le bheith istigh faoi Mhárta 2025, agus meastóireachta breise, cuirfidh an Coimisiún in iúl faoi Mhárta 2026 cibé an measann sé gur cuí toirmeasc a mholadh, tar éis idirthréimhse. Measfaidh an Coimisiún, leis, cibé ar chóir bearta eile a dhéanamh chun leas ainmhithe fionnaidh feirmshaothraithe a chinntiú.

Idir an dá linn, tá roinnt beart á ndéanamh ag an gCoimisiún maidir le leas, sláinte phoiblí agus tionchar na feirmeoireachta fionnaidh ar an gcomhshaol.

RANPHÁIRTÍOCHT



Sroicheadh 1,502,319 síniú bailíochtaithe leis na tairseacha riachtanacha in 18 gcinn de bhallstáit an Aontais.

Meitheamh 2023



Cuirtear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin

Nollaig 2023



Tugann an Coimisiún freagra oifigiúil

Márta 2022



Cláraítear an tionscnamh

Deireadh Fómhair 2023



Tionóltar éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa

SEAS CHUN TOSAIGH

An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh d'uirlis chun an beartas Eorpach a mhúnlú



#EUTakeTheInitiative
https://citizens-initiative.europa.eu/_ga

AONTAS EORPACH

Lean nuashonruithe ón tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh anseo: https://citizens-initiative.europa.eu/news_ga

Léigh na Scéalta Ratha mionsonraithe in Fhóram an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh anseo: https://citizens-initiative-forum.europa.eu/learn/success-stories_ga

© Aontas Eorpach, 2023. Údaraítear athúsáid ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse. Is é Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, Ich. 39) a rialaíonn beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh.

Print ISBN 978-92-68-09874-5 DOI:10.2792/046289 KA-05-23-454-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-09885-1 DOI:10.2792/83827 KA-05-23-454-GA-N